

Comhairliúchán Poiblí
Margadh árachais sláinte pobalráitithe in Éirinn agus athruithe beartaithe ar an Scéim um
Chomhionannú Riosca
Dúnfar an comhairliúchán an 1 Feabhra 2021

1. Clár Ábhar

1. Clár Ábhar	1
1. Réamhrá.....	2
2. Ceithre phrionsabal an árachais sláinte in Éirinn.....	2
3. Cuntas ar an Scéim um Chomhionannú Riosca sa mhargadh árachais sláinte in Éirinn.....	3
4. Athruithe beartaithe ar an Scéim um Chomhionannú Riosca	4
5. Comhairliúchán Poiblí	6

1. Réamhrá

Tá margadh árachais sláinte na hÉireann pobalráitithe. Ní bhunaítear costas préimheanna árachais sláinte ar stádas sláinte aonair, ach ina ionad sin, ar an meánchostas don saol a chumhdaítear le hárachas a bhíonn ar sheirbhísí sláinte príobháideacha atá cumhdaithe ag táirge ar leith. Is féidir le gach duine, seachas i gcás eisceachtaí áirithe, an polasaí céanna a cheannach ar an bpraghas céanna. Íocann daoine breacaosta agus níos breoite i bhfad níos lú as árachas sláinte ná mar a d'íocfaidís i margadh rioscaráitithe.

Ciallaíonn seo, nuair a cheannaíonn tú árachas sláinte in Éirinn, bunaítear costas do phréimhe ar na seirbhísí agus na cóireálacha a theastaíonn uait, seachas ar do stair leighis nó ar na héilimh a rinne tú roimhe seo. Ní hionann seo agus saghsanna eile árachais - mótarárachas, mar shampla, nuair a d'imreodh do stair thiomána tionchar díreach ar do phréimh.

Cumasaíonn an Scéim um Chomhionannú Riosca (“an Scéim”) pobalráitil. Oibríonn an Scéim trí sciar de na préimheanna árachais sláinte go léir a ghlacadh mar dhleacht stampála agus iad a chur isteach i gciste. Íoctar creidmheasanna ansin ón gCiste le hárachóirí a bhfuil custaiméirí aosta agus custaiméirí acu a fhreastalaíonn ar an ospidéal. Cabhraíonn seo le hárachas a choimeád inacmhainne i measc custaiméirí níos aosta agus níos breoite. Is féidir teacht ar na méideanna creidmheasanna agus dleachtanna stampála san Aguisín ar leathanach 7.

Tá an Scéim reatha á hoibriú ó 2016. Tá comhairliúchán poiblí á chur ar siúl ag an Roinn Sláinte agus an tÚdarás Árachais Sláinte ar an margadh árachais sláinte pobalráitithe agus ar na leasuithe a bheartaítear a dhéanamh ar Scéim um Chomhionannú Riosca nua a dhearadh a bheidh ar siúl ó 2022 ar aghaidh.

Tá fonn ar an Roinn Sláinte agus an tÚdarás Árachais Sláinte chun freagairtí a bhailiú ó gach páirtí leasmhar sa mhargadh árachais sláinte. Tá baill den phobal i gceist leis na páirtithe leasmhara seo, daoine a bhfuil árachas sláinte acu, comhlachtaí árachais sláinte agus páirtithe leasmhara eile san áireamh.

2. Ceithre phrionsabal an árachais sláinte in Éirinn

Tá ceithre phrionsabal árachais sláinte in Éirinn, pobalráitil san áireamh, a ndéantar cur síos air thuas. Tugtar cuntas gearr orthu seo thíos:

- 1. Pobalráitil:** Bunchloch bhunúsach de mhargadh árachais sláinte na hÉireann é pobalráitil. Ní cheadaítear d'árachóirí préimheanna a shocrú ar bhunús an riosca a chruthaíonn éilimh a dhéanann daoine aonair. Ciallaíonn seo nach gá do dhaoine atá aosta nó nach bhfuil chomh sláintiúil céanna níos mó a íoc ná daoine óga agus sláintiúla as an táirge céanna. Ach is éagsúil a bhíonn préimheanna árachais i roinnt córais árachais sláinte eile, préimheanna árachais san áireamh, ag brath ar an leibhéal riosca éilimh. Tá nasc láidir in árachas sláinte idir an t-árachóir agus aois agus stádas sláinte an duine atá faoi árachas. Déantar foráil d'athruithe teoranta ar

phréimheanna sa reachtaíocht le haghaidh lascaí linbh agus do dhaoine fásta óga, lascaí grúpa agus ualú pobalrátála ar feadh an tsaoil.

2. **Rollú Oscailte:** Ciallaíonn rollú oscailte, seachas faoi chúinsí teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, gur gá d'árachóirí sláinte glacadh le gach iarratasóir ar chumhdach árachais sláinte.
3. **Cumhdach ar feadh an tSaoil:** Ciallaíonn cumhdach ar feadh an tsaoil, seachas faoi chúinsí teoranta a shonraítear sa reachtaíocht, go gcinntítear do gach tomhaltóir go bhfuil an ceart acu a mbeartaí a athnuachan gan aird ar a n-aois nó a stádas sláinte.
4. **Sochair Íosta:** Faoi na Rialacháin Sochair Íosta reatha, caithfidh gach táirge árachais a chuireann cumhdach ar fáil do chóireáil othar cónaitheach san ospidéal leibhéal íosta áirithe sochar a sholáthar. Meastar gur gá an leibhéal íosta sochar a rialáil chun tacú le pobalrátáil agus mar gheall ar chineál casta agus ar leith táirgí árachais sláinte.

Leagtar na prionsabail seo amach sna hAchtanna Árachais Sláinte, a dhéanann an margadh árachais sláinte a rialú anuas ar rialú eile árachais. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach n-imríonn na hathruithe a bheartaítear maidir leis an gcéad leagan eile den Scéim tionchar ar na ceithre phrionsabal a dtugtar cuntas orthu thuas.

3. Cuntas ar an Scéim um Chomhionannú Riosca sa mhargadh árachais sláinte in Éirinn

Cuireann an Scéim um Chomhionannú Riosca taca bunriachtanach ar fáil don mhargadh árachais sláinte pobalrátaithe in Éirinn. Maidir le pobalrátáil, ní cheadaítear d'árachóirí praghsanna a éagsúlú de réir riosca in ainneoin na ndifríochtaí an-mhóra sa riosca árachais idir daoine aonair éagsúla. Oibrítear an Scéim trí chreidmheasanna um chomhionannú riosca a íoc le hárachóirí, a fhóirdheonaíonn costais éilimh níos airde a bhíonn ar árachóirí a íoc go ginearálta trí árachas a chur ar fáil do dhaoine níos aosta agus níos breoite, nach mbeadh aon spreagadh ann dóibh iad a chur faoi árachas murach sin. Cistíonn dleacht stampála a ghearrtar ar gach conradh árachais sláinte na creidmheasanna um chomhionannú riosca seo agus íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim iad. Ar a uain sin, íocann na Coimisinéirí Ioncaim fáltais na dleachta stampála leis an gCiste um Chomhionannú Riosca a íocann na creidmheasanna leis na hárachóirí. B'ionann na fáltais dleacht stampála in 2019 agus €762 milliún.

Tá dhá chineál de chreidmheas um chomhionannú riosca ann sa Scéim reatha:

- Creidmheasanna a bhaineann le haois atá sna chéad chinn, atá ionchasach (is é sin, íoctar iad le hárachóirí gan aird ar éilimh iarbhír). Íoctar iad seo le hárachóirí do gach custaiméir atá acu atá níos sine ná 65 bliain d'aois nuair a chuirtear tús leis an gconradh árachais sláinte. Is éagsúil an méid creidmheasa a íoctar, bunaithe ar 5 aoisghrúpa, inscne, agus saghas an chumhdaigh. Is gnách go mbíonn na creidmheasanna a íoctar do chustaiméirí fireanna níos airde ná iad siúd a íoctar do chustaiméirí baineanna, mar gheall gur gnách go mbíonn costais níos airde éilimh ag custaiméirí fireanna ag na haoiseanna siúd. Is airde na creidmheasanna a íoctar

d'ardchumhdach ná iad siúd a íoctar d'ísealchumhdach, mar gheall go mbíonn leibhéil níos airde d'éilimh ionchasacha mar thoradh orthu. Cuireann creidmheasanna aoisbhainteacha fóirdheontas ar fáil d'árachóirí a chuireann cumhdach ar fáil don chohórt sin, agus é mar chuspóir an meánchostas éilimh mhargaidh do gach cohórt a thabhairt níos gaire don mheánchostas éilimh mhargaidh. Ríomhadh creidmheasanna aoisbhainteacha in 2020 chun nach raibh an glanchostas éileamh do na haoisghrúpaí aosta siúd níos airde ná 130% den ghlanchoistas éileamh margaidh, ar an meán.

- Is é an dara cineál creidmheasa an creidmheas úsáide ospidéil. Faigheann árachóirí creidmheas úsáide ospidéil gach uair a fhreastalaíonn duine dá gcustaiméirí ar ospidéal, agus bronntar na creidmheasanna do chás lae nó d'fhanacht thar oíche. Cuirtear an creidmheas seo i bhfeidhm go siarghabhálach.

Is é cuspóir na gcreidmheasanna seo costais éilimh daoine aosta agus níos breoite a fhóirdheonú, ar gnách go mbíonn costais éileamh i bhfad níos airde acu ná mar a bhíonn ag daoine níos óige agus níos sláintiúla. Oibrítear an Scéim um Chomhionannú Riosca i gcúlra an mhargaidh árachais sláinte chun cúiteamh a thabhairt d'árachóirí as táirgí árachais sláinte a chur ar fáil ar an bpraghas céanna do tháirge ar leith do gach custaiméir gan aird ar riosca, faoi mar a cheanglaítear orthu a dhéanamh sna hAchtanna Árachais Sláinte.

4. Athruithe beartaithe ar an Scéim um Chomhionannú Riosca

Beartaíonn an Roinn Sláinte Scéim um Chomhionannú Riosca nua a thabhairt isteach do mhargadh árachais sláinte na hÉireann a thosóidh in 2022 ar feadh tréimhse 5 bliana. Faoi mar a cheanglaítear i ndlí na hEorpa, cuirfear an Coimisiún Eorpach ar an eolas ar an scéim nua atá le breithmheas faoi rialacháin Chúnamh Stáit. Úsáideann an Scéim nua Scéim um Chomhionannú Riosca reatha 2016 mar bhonn agus tá an cuspóir céanna aige chun príomhchuspóir na nAchtanna Árachais Sláinte a chumasú agus tacú leis an margadh árachais sláinte príobháideach pobalráitithe.

Nuair a bhí an togra á fhorbairt don Scéim um Chomhionannú Riosca nua, tá na cuspóirí seo a leanas ag an Roinn Sláinte:

- Éifeachtacht na Scéime, ar an iomlán, a fheabhsú i dtaobh cistí a dháileadh ó árachóirí a bhfuil leibhéil níos ísle riosca acu orthu siúd a bhfuil leibhéil níos airde riosca acu;
- Na dreasachtaí le haghaidh roghnú riosca a laghdú chun nach ndéanann sé difear d'árachóirí (nó nach mbíonn an spreagadh céanna acu, ar a laghad) chun díriú ar chustaiméirí nach mbaineann an riosca céanna leo agus atá níos brabúsaí;
- Saol níos óige agus níos sláintiúla a spreagadh isteach sa mhargadh trí dhleachtanna stampála a choimeád ar leibhéil inghlactha do shealbhóirí polasaí níos óige;
- Éifeachtúlacht sa mhargadh a chur chun cinn trí chúiteamh a thabhairt do dhifríochtaí riosca seachas difríochtaí struchtúracha nó costais;
- Róchúiteamh a sheachaint laistigh den mhargadh;
- Iomaíocht chothrom agus oscailte sa mhargadh árachais sláinte;

- Cobhsaíocht a choimeád sa mhargadh chun nach dtarlaíonn aon rud gan choinne a d'fhéadfadh cur isteach ar an margadh agus é a dhíchobhsú.

Ní hionann an Scéim nua a bheartaítear ag an Scéim reatha mar gheall gur cuireadh Ciste Éileamh Ardchostais san áireamh ann. Is éard a dhéanfaidh Ciste Éileamh Ardchostais ná árachóirí a chúiteamh go díreach as costais éilimh aonair atá i bhfad níos airde ná an meánchostas margaidh. Is é an aidhm chun díriú ar éilimh íosmhinicíochta ardchostais. Oibreoidh seo trí éilimh a ghlacadh atá os cionn tairseach áirithe airgid ('an barrachas') agus céatadán de chostas iomlán an éilimh sin a íoc ('an sciar den chuóta') ar leith leis an gcuid eile den Chiste um Chomhionannú Riosca.

Trí Chiste Éileamh Ardchostais a thabhairt isteach, méadaítear gné na roinnte riosca bunaithe ar a fheabhas a d'éirigh le héilimh, cosúil leis na creidmheasanna úsáide ospidéal seachas táscairí/réamh-mheastóirí riosca cosúil le haois agus gnéas agus is féidir a mheas, dá bharr, gur fearr a dhéanann sé tomhas ar stádas sláinte agus cuireann sé feabhas ar riosca a roinnt. Méadóidh é seo éifeachtacht na Scéime um Chomhionannú Riosca i dtaobh cistí a dháileadh ó árachóirí a bhfuil leibhéil níos ísle riosca acu orthu siúd a bhfuil leibhéil níos airde riosca acu.

Beartaíodh go socrófar an Ciste Éileamh Ardchostais i dtosach ag sciar 40% den chuóta agus go mbeidh barrachas €50,000 aige. Ciallaíonn seo go ndéanfar 40% de chostas éileamh a chúiteamh atá níos airde ná €50,000 maidir le tréimhse chumhdaigh a shonraítear. Bunaithe ar shonraí faoi éilimh a d'éascair as díolacháin 2016, rinne níos lú ná 1% den daonra faoi árachas éilimh os cionn €50,000 ach is ionann a n-éilimh agus céatadán i bhfad níos airde de mhéideanna iomlána na n-éileamh (thart ar 16%). Ba é €80,000 an meánéileamh in aghaidh an duine i gcomparáid leis an meánéileamh margaidh €1,100 i rith na tréimhse céanna. Ba é an meánéileamh margaidh don bhliain 2019 de réir sonraí a fuarthas ón Údarás Árachais Sláinte €1,093¹.

Fiú i gcás na Scéime reatha, tá dreasacht tráchtála ann d'árachóirí a sheachaint árachas a sholáthar do na custaiméirí a mbaineann riosca mór leo, mar gheall go bhféadfadh costais éileamh fhíor-arda baint leo. Is minic go mbíonn riachtanais leighis chasta ag custaiméirí faoi árachas a mbíonn costais an-arda éileamh mar thoradh ar a gcóireáil, riochtaí ainsealacha san áireamh, cosúil le hailse. Deartar roinnt táirgí árachais sláinte chun go mbíonn ardíocaíocht bharrachais speisialta ag sochair atá mealltach do chustaiméirí níos aosta agus níos breoite, cosúil le saghsanna áirithe de chúram ortaipéideach, ar nós athchur ailt. Is féidir leis seo custaiméirí níos aosta a dhíspreagadh ó tháirgí ar leith a cheannach, agus ceannaíonn na custaiméirí seo go minic táirgí níos costasaí dá bharr nach mbíonn ardíocaíocht bharrachais acu le haghaidh cúram ortaipéideach. (D'fhéadfadh thart ar €2,000 a sholáthar d'athchur cromáin a bheith i gceist le híocaíocht bharrachais speisialta den saghas sin, mar shampla). Tugtar deighilt an mhargaidh ar an saghas seo d'idirdealú táirgí

¹ "Sochar Aiscurtha", ar an meán, in aghaidh gach baill faoi árachas de réir na dTuairisceán Eolais a cuireadh ar fáil don Údarás Árachais Sláinte maidir le bliain féilire 2019. Ní chuirtear gach ceann de na sochair san áireamh i "Sochair Aiscurtha".

éagsúla a dhéantar i gcás daoine aonair a mbaineann riosca díreach níos airde leo maidir le táirgí ar a bhfuil costas níos airde.

Is é an cuspóir atá ag Ciste Éileamh Ardchostais chun an riosca a roinnt le haghaidh éilimh íosmhinicíochta agus ardchostais. Cabhróidh an Ciste Éileamh Ardchostais le díriú ar riosca a roinnt i gcás saol ardriosca daoine ar gach aois agus is féidir leis dreasachtaí árachóirí a laghdú lena sheachaint árachas a chur ar fáil do na daoine aonair seo. Imreoidh paraiméadair dhíreacha Chiste Éileamh Ardchostais tionchar ar éifeachtacht na Scéime um Chomhionannú Riosca agus tá cothromaíocht chúramach le baint amach nuair a bhíonn an Ciste Éileamh Ardchostais á chalabhrú chun nach ndéantar éifeachtúlacht costais éileamh a laghdú nó a dhíspreagadh i measc árachóirí a bhaineann le héilimh ardchostais.

Tugann an Roinn Sláinte le fios go dtabharfar an Ciste Éileamh Ardchostais isteach mar ghné bhreise den Scéim um Chomhionannú Riosca ar bhealach céimnithe. Is éard a bheidh i gceist leis an gculpóir níos fadtéarmaí ná gné na gcreidmheasanna a mhéadú atá iníoctha maidir leis an gCiste Éileamh Ardchostais de réir a chéile fad a bhíonn na haidhmeanna a dtugtar cuntas orthu thuas á mbaint amach. Beartaítear go ndéanfaí an Ciste Éileamh Ardchostais a thabhairt isteach ar bhonn céimnithe ag féachaint le cobhsaíocht an mhargaidh a chothú agus an deis a sholáthar chun monatóireacht a dhéanamh ar fhreagairt don mhargadh agus an Ciste Éileamh Ardchostais a athchalabhrú go cuí le himeacht ama.

5. Comhairliúchán Poiblí

Lorgaítear do dhearcthaí anois, cuirfear fáilte mhór rompu agus déanfar breithniú cúramach orthu. Baineann an cleachtadh comhairliúcháin seo le gach duine atá páirteach sa mhargadh árachais sláinte phríobháidigh in Éirinn mar gheall go dtéitear i ngleic leis na tairbhí agus na dúshláin atá i gceist leis an gcéad leagan eile den Scéim um Chomhionannú Riosca a fhorbairt.

Chun aighneacht a dhéanamh mar chuid den chomhairliúchán poiblí seo, seol d'aighneachtaí, le do thoil, chuig Consultation@hia.ie roimh an spriocdháta an 1 Feabhra 2021.

Mar mhalairt air sin, is féidir leat d'aighneacht a sheoladh chuig:

Comhairliúchán na Scéime um Chomhionannú Riosca,
An tÚdarás Árachais Sláinte
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
Paróiste Pheadair
Baile Átha Cliath 2

Chuirfimis fáilte mhór roimh do dhearcthaí faoin méid seo a leanas:

- (1)** Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil margadh pobalráitithe ag Éirinn le haghaidh árachas sláinte, an aontaíonn tú le príomhábhar agus ábhar foriomlán na Scéime um Chomhionannú Riosca?

- (2) An imreodh na hathruithe tionchar ar an mbaint a bhíonn agat sa mhargadh árachas sláinte phríobháidigh?
- (3) An bhfuil rioscaí nó leochaileacht ann nár cuireadh san áireamh agus ar cheart iad a chur san áireamh, agus cén fáth?
- (4) An bhfuil moltaí eile agat chun an Scéim um Chomhionannú Riosca a bheachtú in Éirinn?

Níor cheart eolas pearsanta, rúnda ná eolas atá íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála de a chur san áireamh i d'aighneacht. Beidh gach aighneacht a fhaightear faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Is féidir aighneachtaí a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Sláinte.

An Roinn Sláinte agus an tÚdarás Árachais Sláinte,
An 4 Eanáir 2020

Aguisín

Beidh na creidmheasanna aoisbhainteacha seo a leanas i bhfeidhm ón 1 Aibreán 2021:

Bandaí Aoise	Aois / inscne / leibhéal na gcreidmheasanna cumhdaigh ón 1 Aibreán 2021			
	Ísealchumhdach		Ardchumhdach	
	Fir	Mná	Fir	Mná
64 bliain d'aois agus níos óige	€0	€0	€0	€0
65-69	€350	€200	€1,025	€550
70-74	€550	€400	€1,675	€1150
75-79	€825	€625	€2,500	€1,800
80-84	€1,025	€700	€3,150	€2,250
85 bliain d'aois agus níos sine	€1,250	€825	€3,750	€2,550

Is ionann a bheidh méideanna an chreidmheasa úsáide ospidéil ón 1 Aibreán 2021 agus €125 d'fhanacht thar oíche in ospidéal agus €75 do chás lae a cheadaítear isteach san ospidéal.

Seo a leanas an dleacht stampála a ghearrfar ar chonarthaí árachais sláinte a bheidh i gceist ón 1 Aibreán 2021:

Bandaí Aoise	Dleachtanna stampála ón 1 Aibreán 2020 go dtí an 31 Márta 2021	
	Ísealchumhdach	Ardchumhdach
17 mbliana d'aois agus níos óige	€52	€150
18 mbliana d'aois agus níos sine	€157	€449